

# SIAMSÁN SA MBAILE!

## Neadacha Seacláide na Cásca

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Neadacha blasta seacláide na Cásca. Lean an t-oidéas mar atá leagtha amach thíos.

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: [eolas@tuismitheoiri.ie](mailto:eolas@tuismitheoiri.ie)

Roghnófar buaiteoir ar Aoine 17 Aibreán mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

**An Duais:** Dearbhán €40 dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

## Neadacha Seacláide na Cásca

### Comhábhair:

225g seacláid dhorcha (briste suas).

2 spúnóg bhoird de shíoróip órga.

50g ime.

75g calóga arbhair.

36 ubh bheag seacláide

### Modh

1. Cuir 12 cás páipéir/cás císte i dtráidire bÁCála do chístí beaga.
2. Cuir an tseacláid, an tsíoróip órga agus an t-im isteach i mbabhla mór agus cuir an babhla os cionn sásan ina bhfuil uisce ag suanbhruith ar an sorn. Ná lig don bhabhla teagmháil leis an uisce te.
3. Coinnigh ag meascadh go dtí go mbeidh an t-iomlán leáite.
4. Bain an babhla den teas agus doirt na calóga arbhair isteach go réidh, ag cinntiú go bhfuil an t-ábhar uilig brataithe ag an meascán seacláide
5. Roinn an meascán idir na cásanna páipéir agus déan gleann beag in achan cheann acu. Leag 3 ubh bheaga i lár gach 'nead'.
6. Leag an tráidire isteach sa chuisneoir ar feadh uair an chloig leis na cístí beaga a fhuarú agus go n-éireoidh siad crua.
7. Bain sásamh as do shaothar!

# 'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Tuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsíú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí  
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,  
Oidhreacht agus Gaeltachta  
Department of Culture,  
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta